Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2024/1996

18.3.2024

**Breithiúnas na Cúirte Breithiúnais (an tOchtú Dlísheomra) an 30 Eanáir 2024 (Iarraidh ar réamhrialú ó Naczelny Sąd Administracyjny – an Pholainn) – P sp. z o.o. v Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Lublinie**

**(Cás C-442/22 [1]) Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Lublinie (Calaois ag fostaí))**

***(Tarchur chun réamhrialú Comhchóras cánach breisluacha (CBL) – Treoir 2006/112/CE – Airteagal 203 – Oibleagáid íocaíochta – An duine a chuireann CBL ar shonrasc – Duine atá faoi dhliteanas CBL a íoc – Bréagshonraisc arna n-eisiúint ag fostaí lena n-áirítear sonraí an fhostóra gan a fhios ná a thoiliú – Dícheall cuí an fhostóra)***

(C/2024/1996)

*Teanga an cháis: an Pholainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Naczelny Sąd Administracyjny

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* P sp. z o.o.

*Cosantóir:* Dyrektor Izby Administracji Skarbowej w Lublinie,

Páirtí leasmhar: Rzecznik Małych i Średnich Przedsiębiorców,

**An chuid oibríochtúil**

Ní mór Airteagal 203 de Threoir 2006/112/CE ón gComhairle an 28 Samhain 2006 maidir leis an gcomhchóras cánach breisluacha

a léiriú sa chaoi go gciallaíonn, i gcás inar eisigh fostaí de chuid duine inchánach chun críocha cánach breisluacha (CBL) sonrasc bréige a léiríonn CBL ag baint úsáide as aitheantas an fhostóra mar dhuine inchánach, gan fios nó toiliú an fhostóra sin, nach mór an fostaí sin a mheas mar an duine a chuireann CBL ar an sonrasc, de réir bhrí Airteagal 203, murar fheidhmigh an duine inchánach sin an dícheall cuí a cheanglaítear go réasúnach chun faireachán a dhéanamh ar iompar an fhostaí sin.

---

(1) IO C 380, 3.10.2022.